Dolores O'Riordan

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Dolores O'Riordan. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. scaoilte abhaile _____
2. gabhadh í _____
3. ionsaí _____
4. a thuirling _____
5. líomhnaithe _____
6. ball d'fhoireann an chábáin _____
7. i leith na heachtra _____
8. cóir leighis _____
9. príomhamhránaí _____
10. cáil dhomhanda _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna.

1. Cé hí Dolores O'Riordan? Breac síos aon eolas pearsanta a thugtar sa mhír fúithi.

2. Cén fáth a bhfuil sí sa nuacht inniu?

Ceist 3 Cén chanúint atá ag an tuairisceoir Tomás Ó Mainnín? Cad is féidir leat a rá faoi bhéim na bhfocal sa chanúint sin?

Ceist 4 ***de***, ***do***, ***faoi***, ***mar***, ***ó***, ***roimh*** agus ***trí***.

A. Cad a leanann na réamhfhocail shimplí sin?

B. Cuir Gaeilge ar na habairtí seo:

1. Please give the letter to Síle now.
2. My mother is working as a teacher.
3. Make sure the work is done before the end of the day.
4. Take that book from Seán or he'll ruin it.
5. Look at the following sentence as an example.
6. You'll learn by asking questions.
7. Did you hear about Máire?
8. I got a lovely present from Mícheál.

C. Féach ar an mír arís agus aimsigh cúpla sampla den séimhiú tar éis na réamhfhocal céanna.

Ceist 5 '…ó dhúchas…'

Cuir na focail/ frásaí seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

- ó dhúchas
- cainteoir dúchais
- áit dúchais
- briseann an dúchas trí shúile an chait

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An bhfuil cur amach agat ar cheol na *Cranberries*? An maith leat é?
2. Cén cineál ceoil a thaitníonn leat?
3. Cén tábhacht a bhaineann le ceol sa saol, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. scaoilte abhaile	*released home*
2. gabhadh í	*she was arrested*
3. ionsaí	*attack*
4. a thuirling	*that landed*
5. líomhnaithe	*alleged*
6. ball d'fhoireann an chábáin	*member of the cabin crew*
7. i leith na heachtra	*regarding the incident*
8. cóir leighis	*medical treatment*
9. príomhamhránaí	*lead singer*
10. cáil dhomhanda	*world-wide renown*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Canúint na Mumhan.

Béim: i gcanúint na Mumhan, go minic, bíonn an bhéim ag deireadh an fhocail ach i gcanúintí eile bíonn an bhéim ag an tús. (**fuinn**eog v. fuinn**eog**, **buid**éal v. buid**éal**)

Ceist 4

A. Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail (a thosaíonn le consan) a leanann na réamhfhocail ***de***, ***do***, ***faoi***, ***mar***, ***ó***, ***roimh*** agus ***trí***.

B

1. Tabhair an litir do S**h**íle anois, le do thoil.
2. Tá mo mháthair ag obair mar m**h**úinteoir.
3. Bí cinnte go bhfuil an obair déanta roimh d**h**eireadh an lae.
4. Bain an leabhar sin de S**h**eán nó scriosfaidh sé é.
5. Féach ar an abairt seo a leanas, mar s**h**ampla.
6. Foghlaimeoidh tú trí c**h**eisteanna a chur.
7. Ar chuala tú faoi M**h**áire?
8. Fuair mé bronntanas galánta ó M**h**ícheál.

C

de chuid
do dhochtúirí
mar phríomhamhránaí
de bharr
ó dhúchas

Ceist 5

-ó dhúchas – *originally* (Is as Dún na nGall ó dhúchas mé)
-cainteoir dúchais – *native speaker* (Tógadh Pól le Gaeilge. Is cainteoir dúchais é)
-áit dúchais – *native place* (Is breá le hAoife a háit dúchais. Níor mhaith léi socrú síos in aon áit eile)
-briseann an dúchas trí shúile an chait – *the apple doesn't fall far from the tree* (Is duine falsa é Colm, mar a bhí a athair roimhe. Briseann an dúchas trí shúile an chait)

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá an t-amhránaí Dolores O'Riordan scaoilte abhaile tráthnóna. Gabhadh í ag Aerfort na Sionainne ar maidin agus amhras fúithi go ndearna sí ionsaí ar dhuine den chriú ar eitilt as Nua-Eabhrac go dtí an tSionainn[1]. Líomhnaítear freisin go ndearna sí ionsaí ar Gharda san aerfort.

Tomás Ó Mainnín
Bhí Dolores O'Riordan ar an eitilt thrasatlantach de chuid *Aer Lingus* ó Nua-Eabhrac a thuirling sa tSionainn[2] timpeall leathuair tar éis a cúig maidin inniu. Ach, tá sé líomhnaithe go dtarla[3] eachtra agus gur ionsaíodh[4] ball d'fhoireann an chábáin. Cuireadh na Gardaí ar an eolas faoin eachtra agus tá sé líomhnaithe chomh maith agus iad ag gabháil bean[5] maidir leis an ionsaí, go ndearnadh ionsaí ar bhall de na Gardaí féin. Tugadh an ball foirne de chuid an chriú cábáin go dtí Ospidéal na hOllscoile i Luimneach de bharr a cos[6] a bheith gortaithe. Tugadh Dolores O'Riordan go dtí Stáisiún na nGardaí sa tSionainn len í[7] a cheistiú i leith na heachtra. Tar éis do dhochtúirí í a scrúdú sa stáisiún tugadh as sin go dtí Ospidéal na hOllscoile i Luimneach í chun cóir leighis a chur uirthi.

Bhí Dolores O'Riordan, a bhí mar phríomhamhránaí ar an ngrúpa na *Cranberries* a bhain cáil dhomhanda amach sna nóchaidí, ó Bhaile Uí Bhricín ó Iarthar Chontae Luimnigh ó dhúchas.[8] Tuigtear go gcaitheann sí formhór a saoil anois idir Ceanada agus Baile Átha Cliath, áiteanna go bhfuil tithe aici. Tráthnóna scaoileadh abhaile Dolores O'Riordan ach tá fiosrúchán na nGardaí maidir leis an eachtra sa tSionainn maidin inniu ag leanúint ar aghaidh.

[1] *Aerfort na Sionainne* atá i gceist. Is é *an tSionainn* ainm na habhann, agus is é *Sionainn* ainm an bhaile.
[2] Féach an pointe thuas.
[3] *gur tharla* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[4] *gur n-ionsaíodh* a deirtear
[5] *ag gabháil mná* (tuiseal ginideach uatha) atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[6] *cois* a deirtear
[7] *le hí* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[8] Ba cheart an chopail a úsáid san abairt seo. i. ***Ba as*** *Baile Uí Bhricín Dolores O' Riordan*.